Ní bheadh an tionchar seo indéanta gan ár gcomhpháirtithe agus ár maoinitheoirí luachmhara, a leanann orthu ag infheistiú i dtodhchaí an oideachais agus ag tacú le tallann agus poitéinseal gach duine óg. Cuireann bhur dtacaíocht ar chumas Kinia bacainní a bhriseadh síos, rochtain a sholáthar ar eispéiris foghlama ardchaighdeáin, agus inspioráid a thabhairt don chéad ghlúin eile de smaointeoirí, de chruthaitheoirí agus de dhaoine a réitíonn fadhbanna.

Ag breathnú chun cinn, táimid ar bís lenár bPlean Straitéiseach nua 2026–2030 a sheoladh, a leagann amach fís uailmhianach do mhéadú ar thionchar agus ar scála sna blianta amach romhainn. Leagann an plean amach cúrsa chun scileanna a thabhairt do 50,000 oideachasóir, teagmháil a dhéanamh le 800,000 duine óg, agus an t-athrú córasach is féidir le Kinia a sheachadadh a dhoimhniú trí fhorbairt ghairmiúil den chéad scoth, creidiúnú aitheanta, agus fiontar sóisialta atá ag fás a chinntíonn go bhfanann ár misean inbhuanaithe agus neamhspleách. Táimid ag tnúth le tuilleadh eolais faoi seo a roinnt libh sna míonna amach romhainn.

Agus muid ag ullmhú don chéad chaibidil spreagúil eile seo, táimid tiomanta do:

- Plean Straitéiseach 2026–2030 a sheoladh agus a chur i bhfeidhm, ag scálú ár sroichte agus ag doimhniú ár dtionchair ar fud na hÉireann.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt ár bhfoirne agus cumas ár n-eagraíochta, ag cinntiú go bhfuilimid réidh le huaillmhian an phlean a bhaint amach.
- Ár gcomhpháirtíochtaí leis an Rialtas, leis an tionscal, agus le pobail a neartú chun geallúint na rochtana cothroime ar oideachas digiteach agus STEM a chomhlíonadh do gach duine óg.

Tugaimid cuireadh daoibh a bheith in éineacht linn ar an turas seo chun nuálaíocht a dhéanamh, comhoibriú, agus leanúint ar aghaidh ag cruthú tionchar buan.




Marianne Checkley
Príomhfheidhmeannach,
Kinia



Philip Sharpe
Cathaoirleach,
Kinia

Maidir le Kinia

Creidimid nach dtagann saol gan foghlaim, is eochair í an fhoghlaim a n-osclaíonn deiseanna, a chothaíonn poitéinseal, agus a spreagann na glúnta atá le teacht. Bíodh sé i scoileanna, i suíomhanna óige, nó i bpobail áitiúla, tarlaíonn an fhoghlaim i ngach áit, agus tá Kinia ansin chun tacú léi.



Teacht Tionchair 2025



1,082

Oideachasóir rannpháirteach i gcúrsaí Kinia



2

imeacht náisiúnta ar siúl san Explorium, Baile Átha Cliath



1,243

Oideachasóir rannpháirteach i seisiúin tacaíochta Kinia



414

scoil agus seirbhís óige rannpháirteach



21,821


Teacht ar Dhaoine Óga



Próifíl na nDaoine Óga:

Tá sé lárnach do mhisean Kinia rochtain chothrom ar fhorbairt scileanna digiteacha a chinntiú. Tá ár gclár deartha d'aon ghnó chun tacú le hoideachasóirí atá ag obair le daoine óga a mbíonn bacainní socheacnamaíocha, geografacha agus córasacha orthu maidir le deiseanna scileanna digiteacha agus STEM. Léiríonn na sonraí thíos ár dteacht ar fud pobail tosaíochta.

Pobail Lucht Siúil, Romach, Iarrthóirí Tearmainn & Dídeanaithe
Míbhuntáiste Socheacnamaíoch
Pobail Thuaithe
Cailíní & Mná Óga i STEM



Tríd an rannpháirtíocht seo, tugadh aitheantas do bhreis is 1,600 duine óg ó ghrúpaí tosaíochta le Suaitheantais Dhigiteacha Kinia, ag tabhairt aitheantas do scileanna trasnacha agus torthaí foghlama.

“Tá muid an-fhonnmhar ár gcomhpháirtíocht le Pobal Kinia a fhorbairt, mar tá muid an-tiomanta le Mná i STEM a chur chun cinn. Táimid ag tnúth lenár gcuid scileanna nuafhaighte go léir a thabhairt ar ais chuig ár bpobal scoile agus níos faide i gcéin.”


“Tá muid i gceantar DEIS ag obair le daltaí imirceacha agus daltaí den Lucht Siúil agus tá sé an-deacair maoiniú a chur le chéile, ach tá Kinia tar éis a bheith níos mó ná tacúil agus flaitiúil”

“Tá braistint iontach spreagtha agus rannpháirtíocht láidir ó na grúpaí Lucht Siúil i gcoitinne. Is breá leis na buachaillí Kinia a fheiceáil ag teacht isteach. I mbliana d’oibrigh siad go príomha le cumhacht gréine agus thaispeáin siad na róbait AI. I Meán Fómhair seo caite d’éascaigh Kinia blaiseadh teicneolaíochta don Lucht Siúil i FDYS agus tá siad ag fanacht go fonnmhar an bhliain ar fad don traenáil podchraolta seo!”

Sroicheadh Náisiúnta



Ár gCláir



Cúrsaí Kinia

Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Cuireann ár gcláir ar theicneolaíocht chruthaitheach atá ailínithe leis an gcuraclam ar chumas oideachasóirí eispéiris foghlama STEM nuálacha a sholáthar go muiníneach do dhaoine óga. Léirigh aiseolas ó oideachasóirí go raibh 91% de na hoideachasóirí sásta nó an-sásta le cáilíocht an chúrsa a chuir Kinia ar fáil, agus

dúirt 97% de na hoideachasóirí go bhfuil sé beartaithe acu leanúint de chomhtháthú ábhar an chúrsa ina gcleachtas teagaisc amach anseo. Cuimsíonn cúrsaí Kinia raon éagsúil ábhar, ag trealmhú daoine óga leis na scileanna riachtanacha don todhchaí a theastaíonn uathu chun rath a bheith orthu.



Oideachas Hidrigine

Díríonn an cúrsa seo ar Chlár Explorer H2GP agus conas é a úsáid mar uirlis oideachais. Iniúchann sé todhchaí fuinnimh níos glaine, níos éifeachtaí agus níos cliste.



Scannánaíocht Mhóibíleach

Deartha d'oideachasóirí ar mian leo eispéiris foghlama teicneolaíochta atá mealltach agus cruthaitheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Múineann sé bunghnéithe na Scannánaíocht Mhóibíleach le go mbeidh tú in ann iad a úsáid mar uirlis oideachais.



Fuinneamh Cliste

Treoraíonn an cúrsa seo oideachasóirí leis an eolas agus na scileanna chun Fuinneamh Cliste a thabhairt isteach ina suíomhanna foghlama trí eispéiris atá mealltach agus cruthaitheach.



Teicneolaíocht Ghlas

Soláthraíonn an cúrsa seo an t-eolas a theastaíonn d'oideachasóirí chun Teicneolaíocht Ghlas a chomhtháthú go héifeachtach i suíomhanna foghlama trí chur chuige mealltach agus cruthaitheach a úsáid.



Experience AI

Tá an cúrsa seo deartha chun oideachasóirí a threallmhú leis an eolas a theastaíonn chun clár Experience AI a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tionscnamh litearthachta AI a comhfhorbraíodh ag Raspberry Pi Foundation agus Google DeepMind, laistigh de shuíomhanna oideachais.



Meaisínfhoghlaim

Cúrsa deartha d'oideachasóirí ar mian leo eispéiris foghlama teicneolaíochta atá mealltach agus cruthaitheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá sé deartha chun an méid a theastaíonn uait a fháil amach faoi Mheaisínfhoghlaim a mhúineadh duit le go mbeidh tú in ann é a úsáid mar uirlis oideachais.



Podchraoltóireacht

Cúrsa cuimsitheach coimeáda d'oideachasóirí chun eispéiris foghlama teicneolaíochta atá mealltach agus cruthaitheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá sé deartha chun an méid a theastaíonn uait a fháil amach faoin bpodchraoltóireacht a mhúineadh duit le go mbeidh tú in ann é a úsáid mar uirlis oideachais.



Róbataic

Deartha d'oideachasóirí ar mian leo eispéiris foghlama teicneolaíochta atá mealltach agus cruthaitheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Tá sé deartha chun an méid a theastaíonn uait a fháil amach faoin róbataic in eolaíocht ríomhaireachta a mhúineadh duit le go mbeidh tú in ann é a úsáid mar uirlis oideachais. Áiríonn sé seo: úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí Makey Makey, Scratch, agus Skribot chun coincheapa ríomheolaíochta a mhúineadh.




Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár gclár, tabhair cuairt ar



Tacaíocht Litearthachta

Léigh Liom

Tacaíonn an clár Léigh Liom le daltaí bunscoile ar fud na hÉireann a mbíonn deacrachtaí acu leis an léitheoireacht. I roinnt pobal faoi mhíbhuntáiste, tá dúshlán shuntasacha litearthachta ag beagnach duine as gach triúr, rud a d'fhéadfadh éifeachtaí fadtéarmacha a bheith aige ar mhuintir, rannpháirtíocht oideachais, agus deiseanna amach anseo.




"Bhí mé ag tnúth le gach Luan agus Déardaoin, ba é buaicphointe mo sheachtaine é... Tá clár iontach curtha le chéile agaibh agus bhí bhur bhfoireann thar barr. Táim ag tnúth le deis a bheith páirteach ann arís"



"Ba é an rud ab fhearr liom ná go raibh mo Reading Buddy cineálta agus cabhrach, agus ba bhreá liom leabhair nua a léamh." "Bhínn scanraithe roimh a bheith ag léamh os ard ach anois cuirim mo lámh in airde an t-am ar fad."

In 2025, thug Kinia Léigh Liom isteach, clár léitheoireachta beirte a sheachadtar trí Ghaeilge, ag tacú le forbairt litearthachta agus ag neartú nasc na daltaí leis an nGaeilge freisin. In éineacht leis seo, leathnaigh muid ár múnla Idirbhliana, rud a chuir ar chumas dhaltáí na hIdirbhliana tacú le daltaí níos óige ina mbunscoileanna áitiúla

agus cultúr ceannaireachta, rannpháirtíochta pobail, agus grá comhroinnte don léitheoireacht a chothú laistigh de shuíomhanna lán-Ghaeilge agus DEIS.



"Bhí sé iontach na gasúir a fheiceáil ag léamh leis na scoláirí ón meánscoil."

Le cúig bliana anuas, thacaigh 1,706 oibrí deonach oilte le daltaí trí Reading Buddy agus Léigh Liom, ag cabhrú le muintir léitheoireachta, líofacht, agus taitneamh a thógáil ar fud na tíre.

Tionchar 2025



Daltaí a tacaíodh:
263



Oibríthe deonacha a bhí rannpháirteach:
155



Bunscoileanna cláraithe:
23

Tacaíocht Uimhearthachta Maths-Whizz

Ó thuarascálacha PISA le déanaí ar leibhéal mhatamaitice agus eolaíochta, scóráil daltaí i scoileanna DEIS faoi bhun mheán an OECD agus scóráil siad freisin faoi bhun daltaí i scoileanna nach bhfuil i scéim DEIS. Tacaíonn Kinia le daltaí bunscoile chun teacht suas le píaraí agus a n-aois mhatamaitice a mhéadú trí chomhpháirtíocht le Maths-Whizz. Tacaimid le scoileanna chun an t-ardán a chomhtháthú ina seomra ranga ag tabhairt an tacaíocht a theastaíonn do dhaltaí chun scoileanna uimhríochta riachtanacha a thógáil.

"Ciallaíonn an fhíríc go neartaíonn sé a gcuid foghlama ag a leibhéal aonair féin, chomh maith leis na foghlaimeoirí drogallacha fiú, dul i ngleic leis mar go mbíonn rath acu. Tá sé mealltach agus tarraingteach agus spreagann sé gach duine chun é a úsáid, agus tá sé dúshlánach go leor d'fhoghlaimeoirí níos láidre."



In 2025, chuir muid tacaíocht Maths-Whizz ar fáil do:



"Múineann sé bealach maitimice éagsúil dom nach raibh ar eolas agam roimhe seo."

"Bhain mé an-taitneamh as na seoda. Thaitin sé liom luach saothair a thuilleamh. Bhí sé an-ghreannmhar."

"Is rud fíor-luachmhar é Maths-Whizz do mo chuid teagaisc! Tá na ceachtanna soiléir, mealltach, agus in oiriúint do luas mo dhaltai, rud a chabhraigh go mór liom a muintín sa mhatamaitic a thógáil. Bhí cuid acu scanraithe roimh fhadhbanna matamaitice ach bhain siad taitneamh as iad a réiteach sa deireadh. Mholfainn go mór é do mhúinteoir ar bith ar mian leis scoileanna matamaitice a gcuid daltaí a fheabhsú ar bhealach spráil agus éifeachtach!"

Bord Comhairleach d'Oideachasóirí

Is grúpa paiseanta oideachasóirí é Bord Comhairleach d'Oideachasóirí Kinia atá ag múnlú todhchái ár dtraenála agus ár n-acmhainní. Cinntíonn a gcuid léargais go bhfuil ár gcláir ábhartha, tioncharach, agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais dáiríre oideachasóirí agus daoine óga. Trína saineolas a roinnt, cabhraíonn siad linn cumhacht a thabhairt do níos mó foghlaimoírí agus athrú bríoch a chruthú san oideachas.

In 2025, d'óstáil muid ár mBord Comhairleach d'Oideachasóirí le haghaidh deireadh seachtaine foghlama, comhoibríthe, agus plé bríoch. Chuir an t-imeacht deis luachmhar ar fáil d'oideachasóirí nascadh, léargais a mhalartú, agus bealaí nua a iniúchadh chun cumhacht a thabhairt do na daoine óga a n-oibríonn siad leo. Tá a gcuid léargais ag cabhrú linn tuiscint a fháil ar cad a oibríonn, cad a spreagann, agus cá bhféadfaimis fás.



"Bhí sé go hiontach bualadh le daoine ar aon intinn liom. Ceardlanna iontacha, ionad iontach. An-fhaisnéiseach."

"Deireadh seachtaine iontach le héascaitheoirí agus oideachasóirí thar barr a rinne a seacht ndícheall le gur bhraitheamar go raibh fáilte romhainn agus go raibh inniúil againn sna ceardlanna ar fad. Braithim níos muiníní anois mar oideachasóir agus éascaitheoir ag dul ar ais chuig mo dhaoine óga agus chuig an eagraíocht ina n-oibrím. Go raibh maith agaibh as an deis agus an taithí."

Clár Sprint H2GP

Seoladh an Clár



I Meán Fómhair 2025. Sheol Kinia an chéad chlár Sprint Hydrogen Grand Prix (H2GP) in Éirinn i gcomhar le Horizon Educational.

Is iad seo a ghlac páirt sa chlár:



8 meánscoil i gceithre chontae i lár na tíre



4 eagraíocht óige agus 1 mheánscoil i gCúige Laighean

Tharla an seoladh ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i gcomhar le Comhairle Contae Uíbh Fhailí, áit a raibh rian taispeána againn do gach duine le triail a bhaint as. Comórtais Réigiúnacha. Chuir comórtais Sprint réigiúnacha deis ar fáil do dhaoine óga a gcuid carranna faoi thiomáint

hidrigin a rásaíocht agus a gcuid scileanna innealtóireachta fuinnimh inathnuaite a chur i bhfeidhm i suíomh iomaíoch. Téann buaiteoirí réigiúnacha ar aghaidh go dtí Craobhchomórtas Náisiúnta H2GP Pro mar chuid de Sheachtain na Teicneolaíochta Cruthaithí Kinia. Rachaidh buaiteoir an Chraobhchomórtais Náisiúnta ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ag Cluichí Ceannais Domhanda H2GP Pro san Eilvéis i mí Lúnasa 2026.

Cluiche Ceannais Réigiúnach Laighean

Explorium ag dul ar aghaidh go dtí H2GP Pro:

Cherry Orchard Equine Centre
Fingal Libraries

“Ní rud a fheiceann tú de ghnáth é. Is spraoi mór é!”

Gearrliosta HundrED

Aitheantas Domhanda do Nuálaíocht Oideachais



I mbliana, tugadh aitheantas do Kinia mar Nuálaí Oideachais domhanda, tar éis é a roghnú mar cheann de cheithre réiteach eisceachtúla a thaispeánann feidhmchláir nuálacha AI chun daoine óga a ullmhú don todhchaí.

Cuireann an t-aitheantas seo Kinia laistigh d'idirphlé domhanda ar ról AI maidir le cumhacht a thabhairt do phobail, rochtain ar dheiseanna a leathnú agus todhchaí oideachais níos cuimsithí a chothú. Dearbhaíonn sé tiomantas leanúnach Kinia do rochtain ar eispéiris oideachais ardchaighdeáin a leathnú agus a chinntiú go dtacaítear le gach duine óg a lánacmhainneacht a bhaint amach.

hundrED

<https://hundred.org/en/innovations/kinia>



Gradaim

Gradam Litearthachta Meán

In 2025, bronnadh an tionscnamh litearthachta meán is fearr bunaithe sa phobal ar Kinia dá chlár leanúnach, Tionscadail Phodchraolta agus Scannánaíochta Soghluaiste ag Spreagadh an Lucht Siúil.

Forbraíodh an tionscnamh seo chun cumhacht a thabhairt do bhaill óga den Lucht Siúil trí rochtain a chur ar fáil do thraenáil, trealamh, agus scileanna praiticiúla i bpodchraoltóireacht agus scannánaíocht shoghluaiste a sholáthar. Tacaíonn an clár le rannpháirtithe úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid scéalta féin, dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí seasmhacha, agus bealaí a iniúchadh chun traidisiúin chultúrtha a chaomhnú trí na meáin dhigiteacha. D'aithin an painéal moltóireachta ag na gradaim tionchar an tionscadail, ag tabhairt faoi deara:

"Tugann an tionscadal seo úinéireacht do na rannpháirtithe ar a gcuid scéalta agus ardán chun dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí, agus soláthraíonn sé bealach don Lucht Siúil traidisiúin a choinneáil anois trí lionsa digiteach."

Cuir isteach Físeán Mick's Mini Solar Farm. Ainmníodh Kinia freisin don tionscnamh litearthachta meán is fearr do dhaoine óga dá phríomhimeachtaí a seachadadh le linn Sheachtain na Teicneolaíochta Cruthaithe 2025. Léiríonn an t-aitheantas seo cruthaitheacht, comhoibriú agus tiomantas fhoireann Kinia agus na bpobal atá i gceist araon. Neartaíonn sé misean Kinia le deiseanna bríocha a chruthú do dhaoine óga chun scileanna meán a fhorbairt, a n-aitheantas a chur in iúl agus éisteacht a fháil lena nglórtha.



Fiontar Sóisialta

In 2025, seoladh ár raon feisteáin STEM féin go hoifigiúil i mBéarla agus i nGaeilge.

Cruthóidh gach ceannachán a dhéanfar in 2025 tionchar fíor, intomhaiste d'oideachasóirí agus do dhaoine óga ar fud na hÉireann in 2026.

Táimid anois in ann dul i dteagmháil le 32 oideachasóir eile ar ár liosta feithimh, ag cur cúrsaí Kinia agus trealamh ar fáil dóibh le húsáid ina gcuid scoileanna nó seirbhísí óige.

Soláthróidh sé eispéiris foghlama agus forbartha ardchaighdeáin atá bunaithe ar STEM do **576 duine** óg ar a laghad is mó a bhfuil gá acu leo i rith 2026, agus leanfaidh oideachasóirí orthu ag cur a gcuid scileanna i bhfeidhm i seomraí ranga nua amach anseo.



Aiseolas ó Mhúinteoir Lorraine ar ár bhFeisteáin STEM:

"Bronntanais iontacha!!! Ba chóir go mbeadh siad seo ar gach liosta do Dhaidí na Nollag. Is breá liom bhur bhfeisteáin STEM! D'úsáid mé i mo sheomra ranga iad agus tá na deiseanna foghlama GAN CHRÍOCH."



Scéalta Oideachasóirí

Ionad Acmhainne Bhaile na mBán – Sinéad

In Ionad Acmhainne Bhaile na mBán. Díríonn an t-oideachas ar rochtain, cuimsiú agus deis. Feidhmíonn an t-ionad i gceantar scoile DEIS agus tacaíonn sé le daltaí imirceacha agus daltaí den Lucht Siúil.

Tá an fhoireann tiomanta lena chinntiú go mbraitheann gach duine óg go dtacaítear leo agus go gcuirtear deiseanna ar fáil dóibh chun scileanna agus muinín a fhorbairt. Bhí ról lárnach ag Kinia maidir le tacú leis an obair seo. Thosaigh an chomhpháirtíocht le traenáil podchraoltóireachta, inar fhorbair seisear ball den phobal scileanna digiteacha agus inar fhoghlaim siad conas a gcuid peirspictíochtaí a roinnt tríd na meáin. Mar thoradh air seo tháinig tuilleadh tionscnamh, lena n-áirítear tionscadail a bhaineann le Cruinniú na nÓg, comhoibriú leis an leabharlann áitiúil, agus méadú ar an rannpháirtíocht idir daltaí agus an pobal níos leithne.

"Ba tharrtháil é Kinia dúinn anseo in Ionad Acmhainne Bhaile na mBán."

Ina dhiaidh sin, seachadadh traenáil róbataic roimh an Nollaig. Chuir an clár struchtúrtha seo scileanna praiticiúla ar fáil d'oideachasóirí agus mhéadaigh sé a muinín chun foghlaim STEM a sholáthar laistigh den ionad. Tá cúrsa

sé seachtaine ar siúl faoi láthair, a chlúdaíonn róbataic, Makey Makey, agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha STEM. Tacaíonn an clár le forbairt scileanna agus le tógáil muiníne i measc na ndaltaí atá rannpháirteach.

"Ní féidir liom buíochas go leor a ghabháil le Kinia – tá siad go hiontach. Mholfainn go mór iad do dhuine ar bith."

Áirítear ar an tionchar a d'aithin an t-ionad, tá dintiúir forbartha gairmiúla d'oideachasóirí, teastais do na daltaí atá rannpháirteach, agus tacaíocht leanúnach cláir atá ailínithe le riachtanais an phobail ann. Ar an iomlán, neartaigh an chomhpháirtíocht an cumas áitiúil chun oideachas digiteach agus STEM a sheachadadh agus leathnaigh sí deiseanna foghlama do dhaoine óga i mBaile na mBán.



Scéalta Oideachasóirí

Bunscoil na Maighdine Muire, Baile Átha Cliath 24 – Eric

Bhí comhoibriú agus cruthaitheacht chun tosaigh agus daltaí ag oscailt a gcéad fheisteas STEM de chuid Kinia – An Lóchrann Oíche.

Ag obair i bhfoirne de thriúr, d'fhéach na daltaí ar fhéisean teagaisc trí Kinia Academy le chéile sula ndearna siad é a athimirt céim ar chéim, ag tógáil a gcuid tithe go cúramach. Tháinig an seomra ranga chun a bheith ina spás d'fhadhb-réiteach comhroinnte agus spreagadh, agus daltaí a chríochnaigh tascanna go luath ag tairiscint cabhrach do dhaoine eile. Ní hamháin go raibh an ceacht mealltach, ach chuir sé leis an gcomhoibriú go mór.

"Ba cheacht thar a bheith taitneamhach é agus eispéireas an-chomhoibríoch agus mealltach a bhí ann."

Nuair a bhí na tithe críochnaithe, thug na daltaí a gcuid saothar amach chun grianghraif ghrúpa a ghlacadh os comhair armas na scoile, ag ceiliúradh a gcuid obair foirne, cruthaitheachta agus éachtaí. Tugadh faoi deara athrú in aigne na ndaoine óga. Lean comhrá faoi fhuinneamh cliste agus freagracht comhshaoil i bhfad tar éis an cheachta féin, agus na daltaí ar bís cheana féin faoin gcéad turgnamh eile de chuid Kinia Academy.

"Tá i bhfad níos mó suime ag na daltaí anois i bhfuinneamh cliste agus leis an gcomhshaoil ná mar a bhí roimhe seo – rud atá go hiontach a fheiceáil agus a chloisteáil mar mhúinteoir s'acu."

Do Mhúinteoir Eric, ní hamháin go saibhríonn cur chuige cuimsitheach Kinia foghlaim na ndaltaí ach neartaíonn sé a chleachtas teagaisc féin, ag soláthar deiseanna struchtúrtha bríocha chun beocht a chur i STEM sa seomra ranga.



Scéalta Oideachasóirí

Bunscoil Our Lady of Lourdes, Baile Átha Cliath 8 – Darragh

D'fhiosraigh na daltaí conas is féidir le leictrealú uisce a scoilt ina hidrigin agus ina hocsaigin, ag gabháil na hidrigin agus á húsáid chun innill chillbhreosla bheaga a thiomáint. Bhí prionsabail eolaíochta casta anois inlámhsithe agus chonaic na daoine óga fuinneamh inathnuaite i mbun gnímh.

"B'iontach a fheiceáil go raibh an-sceitimíní orthu nuair a d'imigh na carranna sa deireadh."

Spreg an tionscadal i bhfad níos mó ná tuiscint eolaíoch. D'oibrigh daltaí go comhoibríoch, thástáil siad smaointe, d'fheabhsaigh siad a gcuid dearáí, agus thacaigh siad lena chéile trí dhúshlán. Ní carranna amháin a bhí á dtógáil acu, bhí siad ag forbairt athléimneachta, obair foirne, agus muiníne. Trí choincheapa fuinnimh inathnuaite a nascadh le húsáid san fhíorhsaol, chruthaigh Darragh eispéreas foghlama a bhí praiticiúil agus spreagúil dá dhaltaí.

"Chabhraigh an tionscadal praiticiúil seo leis na daltaí a dtuiscint ar fhuinneamh inathnuaite, innealtóireacht, agus obair foirne a forbairt."

Léiríonn cuimhneacháin mar seo an luach a bhaineann le huirlisí praiticiúla agus tacaíocht chuí a thabhairt do dhaoine óga.



Scéalta Oideachasóirí

Oideachasóir na Bliana 2025 Bairbre Ní Choisdealbha, Coláiste an Eachréidh

Trína cuid oibre le Kinia, tá Bairbre ina fórsa tiomána láidir maidir le scileanna cruthaitheacha teicneolaíochta agus digiteacha a thabhairt isteach sa seomra ranga ar bhealach praiticiúil, cuimsitheach agus nuálach.

Le fíís shoiléir aici maidir le conas is féidir leis na scileanna seo an fhoghlaim a dhéanamh níos ábhartha agus níos tarraingtí do dhaoine óga, tá sí ag cruthú timpeallachtaí foghlama ina mbíonn daltaí gníomhach, rannpháirteach agus muiníneach ina gcumas féin. Is léir go bhfuil fonn foghlama leanúnach uirthi féin – bíonn sí oscailte d'fheabhsúchán, do smaointe nua agus do chuirí chuige éagsúla. Léiríonn a hintinn oscailte agus a toilteanas dul i mbun turgnamh le modhanna nua teagaisc go bhfuil sí tiomanta ní hamháin dá forbairt ghairmiúil féin, ach do leas agus do thodhchaí na ndaltaí freisin. Glacann sí go dearfach le haiseolas agus úsáideann sí é chun a cleachtas a neartú agus chun eispéireas foghlama níos saibhre a chruthú.

“Tá an trealamh is nua-imseartha agus is fearr tugtha dúinn ó Kinia agus ansin, tá muid in ann an mhúinín sin [a bhfuair muid ó Kinia] a léiriú inár ndaltaí.”

Trí scileanna Kinia a chomhtháthú ina cleachtas, tá sí ag cuidiú le daoine óga scileanna ríthábhachtacha an 21ú haois a fhorbairt, smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht, comhoibriú agus litearthacht dhigiteach ina measc. Feictear di gur bhunriachtanas iad scileanna Kinia chun spás níos cothroime, níos nuálaí agus níos cumhachtaí a chruthú do gach uile dhuine óg.



Scéalta Daoine Óga

Diana Tumashova (16), Youthreach Cappawhite TechSpacer na Bliana

Ag baint úsáide as acmhainní Kinia Tech, scileanna agus Micro:bit, dhear agus thóg Diana Tumashova córas monatóireachta sruthlaithe chun úsáid uisce i leithris scoile a rianú. Trí bhraiteoir tilt a cheangal de hanla an leithris, ríomh sí an Micro:bit chun gach sruthlú a chomhaireamh agus an t-iomlán a thaispeáint ar a scáileán LED. Logáladh agus stóráladh gach sruthlú go digiteach, rud a thug deis do Diana anailís a dhéanamh ar na sonraí le himeacht ama.

Cé go raibh dúshlán ag baint leis an gcóras a shocrú, bhí seasmhacht ag Diana. Mhol sí réitigh phraiticiúla saora. Trí bhríce simplí nó buidéal líonta le huisce a chur isteach sa sistéal, d'fhéadfaí suas le 2 lítear uisce a shábháil in aghaidh an tsruthlaithe. Nuair a ríomh sí an coigilteas féideartha thar sheachtain, bhí na torthaí iontach – suas le 450 lítear uisce caomhnaithe.

Nuair a bhí an teicneolaíocht ag obair, d'oscail na torthaí súile na ndaoine. Thar thréimhse de mhí amháin, taifeadadh níos mó ná 500 sruthlú. Nuair a ríomh Diana an méid uisce a úsáideadh, bhí na torthaí scanrúil—agus níorbh fhéidir neamhaird a dhéanamh orthu.

“Níor smaoinigh mé i ndáiríre ar an méid uisce a chuirimid amú ar scoil. Ach a bhuíochas le Kinia Tech agus an Micro:bit, tuigim anois conas is féidir le hathruithe beaga tionchar mór a imirt.”





"Bhí sé spreagúil na sonraí a fheiceáil á mbailiú i bhfforam. Nuair a ríomh muid an méid uisce a úsáideadh, d'oscail sé mo shúile i ndáiríre."

Agus í feistithe le fianaise shoiléir, d'oibrigh Diana in éineacht le Coiste Scoileanna Glasa a scoile chun feachtas caomhnaithe uisce a sheoladh. Bhí an tionchar láithreach agus marthanach. A bhui leis na sonraí a bhailigh sí, tá an scoil anois tiomanta do chórais dé-shruthlaithe a shuiteáil i ngach leithreas—ag iompú tionscadal faoi stiúir daltaí ina athrú bríoch fadtéarmach.

"Is é an chuid is fearr ná go bhfuil ár scoil anois ag suiteáil córais dé-shruthlaithe mar gheall ar na sonraí a bhailigh muid."

Léiríonn Tionscadal Monatóireachta Sruthlaithe Diana go foirfe conas is féidir scileanna TFC a chur i bhfeidhm ar dhúshláin chomhshaoil san fhíorshaol. Ní hamháin go raibh a gcuid oibre suntasach ó thaobh na teicneolaíochta de ach rinneadh í go tuiscianach agus cuireadh i láthair go muiníneach í nuair a cuireadh faoi bhráid chomórtas TechFest de chuid Kinia í. Maidir lena cruthaitheacht, scileanna réitigh fadhbanna, agus tiomantas don inbhuanaitheacht, ainmníodh Diana mar TechSpacer na Bliana- aitheantas tuillte do nuálaí óg atá ag baint úsáide as teicneolaíocht chun difríocht a dhéanamh.

"Léirigh an tionscadal seo dom conas is féidir le teicneolaíocht agus inbhuanaitheacht oibriú le chéile. Mholfainn Kinia Tech go cinnte do thuilleadh Scoileanna Glasa."

Scéalta Daoine Óga

Mick Connors (12), FDYS Travellers Inclusion Project, Loch Garman Ainmnitheach TechSpacer na Bliana

Sular ghlac sé páirt sa Tionscadal Mionfheirme Gréine, bhí teorainn le taithí Mick Connors maidir le tionscadaí a chruthú ag baint úsáide as ábhair in-athchúrsáilte agus teicneolaíocht fuinnimh inathnuaite.

Ag baint úsáide as teicneolaíocht agus scileanna Kinia dhear agus thóg sé mionfheirm atá tiomáinte go hiomlán ag fuinneamh gréine. Áiríodh sa tionscadal, bhí leantóir beag feistithe le solas inmheánach, gaothrán le lasc as/ar, agus solas sráide lasmuigh, gach ceann acu faoi thiomáint ag painéal gréine.

"Léirigh an tionscadal seo dom conas is féidir liom rudaí a bhféadfadh daoine a chaitheamh amach a thiontú ina rud iontach, agus go bhfuil sé go maith don chomhshaol freisin."

Roinn Robbie Sludds, oideachasóir Mick agus Oideachasóir na Bliana de chuid Kinia, an bród atá ar fhoireann FDYS TIP/PATH as dúthracht, tiomantas agus rannpháirtíocht leanúnach Mick ina gcuid tionscadal. Mhínigh sé go dtaispeánann an físeán gearr an obair mhór atá curtha isteach ag Mick le cúpla seachtain anuas agus é ag ullmhú

chun freastal ar Kinia Creative TechFest na bliana seo ar an 12ú Aibreán ag an Explorium i mBaile Átha Cliath. Ag labhairt dó faoi Kinia, dúirt Robbie:

"Tá sé iontach, ceapaim gur chóir go mbeadh sé éigeantach go mbeadh duine i ngach scoil agus i ngach tionscadal for-rochtana óige ann chun oiliúint Kinia a mhúineadh dá gcuid daoine óga i ndáiríre. Tá an saol ag athrú agus caithfidimid ár ndaoine óga a choinneáil ar an eolas."



Scéal Tionchair

Ruairí Ó hUanacháin, Pobalscoil Chorca Dhuibhne

TechSpacer na Bliana

Bhí dúil ag Ruairí sa phodchraoltóireacht nach mór láithreach bonn nuair a d'fhill a oideachasóir ar ais go Pobalscoil Chorca Dhuibhne i ndiaidh dó cúrsa Kinia a chur i gcrích.

Bhí a mhúinteoir ag an am, Pádraig, réidh chun na scileanna a chur ar aghaidh sa seomra ranga. Chinn Ruairí ar a phodchraoladh féin a thosú, agus ba iad na scileanna a fuair sé ó chúrsa Kinia go díreach a spreag é chun tabhairt faoin nós seo. An rud is spéisiúla ná gur shocraigh sé podchraoladh a dhéanamh a dhíríonn ar mhíreanna ceoil thraidisiúnta a sheinneann laochra áitiúla Chúige Mumhan. Chaith sé súil ar chúlra na gceoltóirí agus chuir sé míreanna ó chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta i láthair. Laochra ar Lár an t-ainm a bhí air, agus chuaigh sé ó neart go neart ó cuireadh tús leis. Bhí slí chainte álainn ag Ruairí agus is léir go bhfuil scil nádúrtha aige podchraoladh a stiúradh.




"An rud is fearr liomsa faoi Kinia ná an seans a thugann sé dúinn an méid seo teicneolaíochta a úsáid. Ní cheapfá riamh go mbeadh daltaí meánscoile ábalta an méid seo eagarthóireachta ar phodchraoladh a dhéanamh agus... díreach an teicneolaíocht féin a úsáid laistigh dár gcuid ranganna."

Ní aon ionadh é gur bronnadh gradam ar Ruairí ag Tech Féile 2025 nuair a ainmníodh é mar TechSpacer na Bliana as ucht na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus na sár-iarrachta a léirigh sé le linn an tionscnaimh seo. Is cinnte go mbeidh a ainm á lua amach anseo.



Aiseolas ó Oibrithe Deonacha



“Bhain mé an-taitneamh as a bheith ag obair go deonach i ndáiríre agus deis a fháil léamh le daltaí, agus táim ag tnúth le sé sin a dhéanamh arís, tá súil agam!”

**Oibrí Deonach Reading
Buddy**

“Mholfainn go mór é seo do dhaoine a bheith rannpháirteach ann agus cuireann an searmanas céime go mór leis i ndáiríre!!”

**Oibrí Deonach Reading
Buddy**

“Is dea-eispéireas iontach é an gliondar a bhaineann le léitheoireacht a thabhairt do dhaoine eile. Is bealach iontach iad na seisiúin ar líne chun teagmháil a dhéanamh leis an oiread scoileanna/ daltaí agus is féidir.”

**Oibrí Deonach Reading
Buddy**

“Nuair a dhéanaim obair dheonach ag Seachtain na Teicneolaíochta Cruthaithí, bíonn sé oideachasúil agus spráúil!”

Oibrí Deonach CTW

Rollú amach Experience AI



Ag tosú i mí Feabhra 2025, thosaigh Kinia ag seachadadh Réamhrá ar Experience AI i gcomhar leis an Raspberry Pi Foundation. Díríonn an clár seo ar bhunchoincheapa i litearthacht AI, a bhfuil a dtuisceant ríachtanach d'oidreachasóirí agus do dhaoine óga in aois na hintleachta saorga. I rollú amach an chláir seo, dhírigh foireann Kinia ar thraenáil a sheachadadh do scoileanna aonair agus d'eagraíochtaí óige chomh maith le seisiúin oscailte i gceantair réigiúnacha cosúil le Corcaigh, Baile Átha Cliath, agus i lár na tíre. D'aistrigh muid acmhainní Experience AI go Gaeilge freisin ag teacht lenár dteacht dátheangach ar fud na hÉireann.

Experience AI

Google DeepMind



Taispeántas Imeachtaí Seachtain na Teicneolaíochta Cruthaithí 2025



Is tionscnamh aitheanta náisiúnta é Seachtain na Teicneolaíochta Cruthaithí a bhunaigh Kinia chun ceiliúradh a dhéanamh ar dhaoine óga ar fud na tíre agus a n-éachtaí sa Teicneolaíocht Chruthaitheach. I mbliana, ghlac breis is 1,000 duine óg páirt i dtionscadail, le 711 ag bailiú le chéile san Explorium i mBaile Átha Cliath le haghaidh dhá lá de chruthaitheacht, de chomhoibriú, agus de nuálaíocht dhigiteach. Buaicphointe den tseachtain ba ea na searmanais ghradaim bheo, áit ar cuireadh tionscadail na ndaltaí ar taispeánt ar an bpríomhchéim. Léirigh an t-aitheantas poiblí seo ní hamháin cáilíocht a gcuid oibre ach freisin na scileanna dírithe ar an todhchaí atá á bhforbairt acu i gcónaí, lena n-áirítear réiteach fadhbanna,

comhoibriú, litearthacht dhigiteach, agus smaointeoireacht chruthaitheach. Sruthaíodh ár searmanas gradam beo le linn an imeachta dóibh siúd nach raibh i láthair, agus d'fhéach 275 duine eile air. Leanann Seachtain na Teicneolaíochta Cruthaithí ag léiriú an tionchair a bhíonn ag rochtain chothrom ar theicneolaíocht agus ar eispéiris foghlama bhríocha. Trí chumhacht a thabhairt do dhaoine óga cruthú seachas teicneolaíocht a úsáid amháin, tá Kinia ag tacú le forbairt nuálaithe muiníneacha, inniúla atá réidh chun an todhchaí a mhúnlú. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh thuilleadh daltaí agus oideachasóirí chuig Seachtain na Teicneolaíochta Cruthaithí 2026.



"Ceann de mo phríomhspriocanna ná deiseanna a thabhairt do dhaoine óga i bpobal an Lucht Siúil nach bhfaigheadh siad de ghnáth. Agus toisc go bhfuil Kinia chomh neamhfhoirmiúil sin ina gcur chuige, tá cur chuige séimh, bog acu... i ndáiríre baineann sé le dearcadh an phobail Lucht Siúil a athrú go mbeadh a fhios acu gur féidir leo a bheith níos fearr ná mar atá siad cheana féin."

Robbie Sluuds, FDYS, ag CTW 2025

"Bhí muid an-sásta a bheith páirteach i Kinia Creative Tech Fest san Explorium. Áit iontach agus idéalach chun é a bheith ann. Nuair a tháinig muid isteach, cuireadh fáilte chroíúil romhainn ón mbus agus tugadh ár n-aitheantas agus ár málaí bronntanais dúinn. Tugadh isteach san Explorium muid ansin. Wow - tógadh ár bpictiúr dár gcuid taifead, agus seoladh chugainn é. Fuair na daltaí seans iniúchadh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí eolaíochta, triail a bhaint as VR agus páirt a ghlacadh sna ceardlanna a bhí socraithe. Bhí lón deas curtha ar fáil dúinn in am trátha. Ba é buaicphointe ár lae sular imigh muid ná gur bhuaigh ár ndaltaí 5ú Bliain an catagóir s'acu. Bhí lá iontach againn agus fuaireamar triail a bhaint as turgnaimh agus gníomhaíochtaí éagsúla. Maith sibh Kinia agus gach duine a bhí páirteach."

Melissa, Oideachasóir Chill Inne ag CTW 2025

"Achan bhliain, cuireann na Gradaim ionadh orm – an caighdeán a bhíonn i gceist le achán turgnamh agus an iarracht ollmhór a chuirtear isteach ann."

Micheál Ó Ciarraidh, MÓC2



"An molfainn Kinia? - 100%. Tá siad thar barr. Iad ar fad. An t-eolas ar fad atá acu. Tháinig mé féin agus Paddy ó Chlub Óige an Plough i mBaile Munna go dtí Kinia chun oiliúint a dhéanamh agus bhí sé go hiontach."

Nicky, Club Óige an Plough, Baile Munna, ag CTW 2025

Comhpháirtithe & Maoinitheoirí

Tacaíonn raon eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha, fondúireachtaí, cuideachtaí, agus tionscnaimh CSR iontacha linn chun traenáil náisiúnta, tacaíocht agus cruia-earraí a sholáthar dóibh siúd is mó a bhfuil gá acu leo.



Foghlaim tuilleadh anseo

Buail le Foireann Kinia

Ár bhFoireann

Buail le Bord na Stiúrthóirí



Philip Sharpe



Mairéad Cullen



Kieran Walsh



David Moffitt



Suzanne Delaney



Marie Power



Dr. Helen McBreen



Ronan O'Loughlin



kinia

Ní thagann saol
gan foghlaim
Learning is Life



kinia.ie/contact



kinia.ie



@kiniacommunity



Dublin Office

Unit 3,
Guinness Enterprise Centre,
Taylor's Lane, Dublin 8



Galway Office

Áras na nGael,
Dominick Street,
Co. Galway